C/2025/773

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Athbhreithniú ar Chlár Oibre Críochach 2030 – I dtreo cur chuige níos comhtháite agus níos sibhialta le naisc níos láidre leis an mbeartas comhtháthaithe

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/773)

Rapóirtéir: **Stefano PALMIERI**

Comhairleoir	Marco CELI, thar ceann an rapóirtéara
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	6.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	5.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	176/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Bíodh is nach leor ar dhóigh ar bith na hacmhainní a chuirtear ar fáil ag an Aontas chun cur in aghaidh treochtaí maidir le lárú an mharghaidh aonair, leagann CESE béim ar an ról straitéiseach atá ag Clár Oibre Críochach 2030 maidir leis an gcomhtháthú críochach a chur chun cinn agus maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil atá le sárú ag réigiúin áirithe.

1.2. Measann CESE gur cheart, faoin gClár Oibre Críochach, an cúigiú saoirse den mhargaidh inmheánach – ar a dtugtar ‘an tsaoirse chun fanacht’ san áit inar chinn siad cur fúthu i dtuarascáil Letta – a chur chun cinn. Ar an dóigh sin, d’fhéadfaí comhtháthú iomlán eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a áirithiú trí sheirbhísí poiblí leasa ghinearálta a chur ar fáil, naisc le bonneagar iompair leordhóthanach a áirithiú agus áit chónaithe inbhuanaithe agus cáilíocht saoil a chothú. Mar a luaitear i dtuarascáil Draghi, ba cheart a chinntiú freisin gur féidir leis an uile réigiún tairbhiú de dheiseanna forbartha áitiúla trí bhearta chun iomaíochas na réigiún sin a ráthú agus a neartú (mar shampla, trí infheistíochtaí sa nuálaíocht, breisoideachas agus oiliúint, fiontraíocht, inbhuanaitheacht chomhshaoil, forbairt dhigiteach, srl. a dhreasú).

1.3. Toisc go bhfuil an Clár Oibre dírithe ar Eoraip níos cothroime agus níos glaise, cuireann CESE i bhfáth go bhfuil an Clár Oibre sin ag teacht le cuspóirí fadtéarmacha an Aontais agus go gcuirtear bonn láidir ar fáil leis don phleanáil spásúlachta chomhtháite.

1.4. Ainneoin na mbeart atá déanta ag an Aontas chun an Clár Oibre a thástáil agus a chur chun feidhme, meabhraíonn CESE nár baineadh leas iomlán go fóill ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach as na buntáistí a d’fhéadfadh an Clár Oibre a thabhairt chun tacú leis an gcomhtháthú agus leis an bhforbairt chothrom.

1.5. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé an nasc idir Clár Oibre Críochach 2030 agus an beartas comhtháthaithe a fheabhsú. Ionstraim straitéiseach is ea Clár Oibre Críochach 2030 chun tacú le réigiúin, lena leagtar síos tosaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu. Áirithítear leis an mbeartas comhtháthaithe go gcuirfear chun feidhme é trí thionscadail spriocdhírithe a mhaoiniú, rud a chuidíonn le héagothromaíochtaí a laghdú agus fás inbhuanaithe a chur chun cinn i réigiúin éagsúla an Aontais.

1.6. Tá CESE den tuairim gur gá na hiarrachtaí a threisiú maidir leis an tsochaí shibhialta a chur ar an eolas agus cur lena rannpháirtíocht i bpróisis pleanála agus cur chun feidhme an Chláir Oibre, óir meabhraíonn sé an baol atá ann go nglacfar tionscnaimh agus tionscadail nach bhfuil go hiomlán comhsheasmhach le riachtanais thairbhithe deiridh bheartais agus straitéisí an Aontais: daoine aonair agus na páirtithe sóisialta agus eacnamaíocha.

1.7. Tarraingíonn CESE aird ar na géarchéimeanna agus ar na hathruithe sistéamacha atá ina saintréithe den Aontas agus ar an méadú a thagann dá bharr sin ar an suaitheadh agus ar rioscaí (sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil, etc.), agus molann sé aird a dhíriú go sonrach ar an ngá atá leis an athléimneacht a mheas go córasach sa Chlár Oibre.

1.8. Is díol sásaimh do CESE próiseas forbartha agus tástála an Chláir Oibre, próiseas inar baineadh leas as gníomhaíochtaí píolótacha, ach meabhraíonn sé an raon feidhme leathan atá ann feabhas a chur ar ghlacadh na bpróiseas forbartha críochaí comhtháite (próisis shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil) chun tacú le cur chun feidhme na bpróiseas comhtháthaithe chríochaigh bunaithe ar phrionsabail na freagrachta agus na coimhdeachta. Sa chomhthéacs sin, measann CESE gur cheart, mar sin féin, réigiún amháin nó níos mó ó na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach sna treoirthionscadail, rud nach dtarlaíonn faoi láthair.

1.9. I bhfianaise na dtosca inghiniúla agus eisiginiúla, creideann CESE nach féidir leas a bhaint as gnáthionstraimí, ina bhfuil cur chuige ar leithligh maidir le gach ábhar, chun aghaidh a thabhairt ar chomhtháthú, inbhuanaitheacht agus athléimneacht ghnéithe críochacha an Aontais. Dá bhrí sin, molann CESE an Clár Oibre Críochach a thabhairt faoi phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh, de réir threoirlínte ESPON (an Gréasán Eorpach um Fhaire ar an bPleanáil Spásúil).

1.10. Molann CESE an comhordú is dlúithe is féidir a áirithiú idir an Clár Oibre agus an beartas comhtháthaithe. Is féidir an cuspóir sin a bhaint amach trí chomhpháirtíochtaí feidhme a chruthú idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe agus trí thionscadail chomhtháite atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht na gcóras áitiúil eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil (sna ceantair uirbeacha, agus ina limistéir feidhme agus sna ceantair thuaithe máguaird) a neartú.

1.11. Meabhraíonn CESE nach mór cur le ról ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha faoi chuimsiú phrionsabal na comhpháirtíochta maidir leis an bhforbairt chríochach (áitiúil agus réigiúnach). Ba cheart a thabhairt faoi deara gur dea-shampla den ionadaíocht chothrom iad na cláir um an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD) ([1]), toisc nach gceadaítear ach do 50 % ar a mhéad de chomhaltaí na comhpháirtíochta teacht as údaráis phoiblí.

1.12. Meabhraíonn CESE gur gá próisis agus tionscnaimh a fhorbairt chun an Clár Oibre a chur i gcomhréir níos mó le riachtanais agus dúshláin an Aontais agus na sineirgí idir é agus Cairt Leipzig agus an Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach a neartú.

1.13. Creideann CESE gur tábhachtach an ní é gníomhaíochtaí an Chláir Oibre a eagrú de réir na dtosaíochtaí seo a leanas: aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, an t-oiriúnú don athrú déimeagrafach; cur chuige comhtháite a dhaingniú maidir leis an bhforbairt chríochach chothrom; an cur chuige sibhialta agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a neartú.

1.14. Meabhraíonn CESE gur gá infheistíocht a dhéanamh chun an bonneagar sóisialta a uasghrádú d'fhonn an rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú, go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta ([2]). Tá sé ríthábhachtach tionscnaimh a chur chun feidhme lena n-éascaítear lánpháirtiú na n-imirceach agus lena dtugtar tacaíocht do phobail atá thíos le meath an daonra trí chláir um chuimsiú sóisialta.

1.15. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le geilleagar na ndaoine scothaosta a fhorbairt ([3]) trí dheiseanna fostaíochta agus oiliúna a chruthú do dhaoine óga agus do mhná, tríd an digiteáil agus an nuálaíocht a chur chun cinn sna hearnálacha a fhreagraíonn do na riachtanais a bhíonn ag daonra atá ag dul in aois.

1.16. Tá CESE den tuairim gur tosaíocht atá ann forbairt chríochach chothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí chomhar níos dlúithe idir gach leibhéal rialtais agus trí chomhordú comhtháite a dhéanamh ar bheartais na réigiún, an iompair, na sláinte agus an chúraim, an chomhshaoil, an fhuinnimh agus na talmhaíochta. Tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go ndáilfear na hacmhainní agus na deiseanna go cothrom idir réigiúin uile na hEorpa, go bhfeabhsófar an bonneagar iompair agus go laghdófar an bhearna dhigiteach chun nascacht níos fearr a áirithiú.

([1]) Scéal LEADER/Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail | An Líonra Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (ENRD) (europa.eu).

([2]) Tuarascáil ón Tascfhórsa Ardleibhéil maidir le hInfheistiú a dhéanamh sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip dar teideal *Boosting Investment in Social Infrastructure in Europe* [Borradh a chur faoin Infheistíocht sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip]. Fransen, L., del Bufalo, G., Reviglio, E. Discussion Paper 074/January 2018. European Commission – European Association Long Term Investors.

([3]) *The EU Commission promotes the Silver Economy* | Interreg na hEorpa.

1.17. Measann CESE gur den ríthábhacht cur le scileanna riarthóirí agus státseirbhíseach i dtaca le Clár Oibre Críochach 2030 trí fhothú acmhainneachta. Ach oiliúint agus uas-sciliú a chur ar fáil dóibh, is fearr a bheidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chríochacha chasta agus tosaíochtaí an Chláir Oibre a chomhtháthú i mbeartais áitiúla, rud a chuirfidh rialachas níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe chun cinn.

1.18. Cuireann CESE chun suntais gur gá tacú le próiseas cinnteoireachta níos cuimsithí agus níos rannpháirtí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil trí úsáid bhreise a bhaint as an gcomhairliúchán poiblí agus as próisis rannpháirtíochta chun ról gníomhach a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do na comhpháirtithe sóisialta, d'fhondúireachtaí agus eagraíochtaí daonchairdis eile agus do na saoránaigh. Tá sé thar a bheith tábhachtach na huirlisí agus na hinniúlachtaí iomchuí a thabhairt do na pobail áitiúla le go mbeidh siad in ann tionchar a imirt ar chinntí a bhaineann lena gceantar féin, agus an chaoi a gcomhlánaíonn cistí poiblí an Aontais a chéile a fheabhsú le go mbeidh cumhacht bhreise ag na pobail sin.

1.19. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé an trédhearcacht a áirithiú sna próisis chinnteoireachta, an rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis ábhartha a áirithiú, agus na cúiseanna atá le cinntí a chur in iúl go soiléir do na saoránaigh. Ar mhaithe le sochaí ní ba chothroime a chruthú, is gá go mbeadh na grúpaí sóisialta uile, lena n-áirítear mionlaigh agus grúpaí leochaileacha, rannpháirteach sna cinntí a dhéantar ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach trí bheartais a ghlacadh lena dtugtar aghaidh ar na héagothromaíochtaí atá ann agus lena gcothaítear an lánpháirtiú sóisialta.

1.20. Cuireann CESE an comhar idir na húdaráis phoiblí agus geallsealbhóirí chun cinn maidir le tionscadail chríochacha a chur chun feidhme agus éilíonn sé go mbeadh na húdaráis áitiúla rannpháirteach sa phleanáil straitéiseach agus sa chomhar idir-réigiúnach.

1.21. Tá CESE den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach seasamh le rialachas níos daonlathaí, níos cuimsithí agus níos cuntasaí, ina bhfuil ról gníomhach ag na saoránaigh agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le todhchaí a limistéir féin a mhúnlú.

2. **Cúlra agus barúlacha ginearálta**

2.1. Is doiciméad idir-rialtasach ([4]) é Clár Oibre Críochach 2030 lena gcuirtear an comhtháthú críochach chun cinn san Aontas agus is é is aidhm dó dul chun tairbhe do chríocha uile na hEorpa agus do shaoránaigh uile na hEorpa. Cé nár leor iontu féin acmhainní an Aontais le haghaidh comhtháthaithe chun gníomhú in aghaidh treochtaí maidir le lárú an mhargaidh aonair, tugtar aghaidh le Clár Oibre Críochach 2030 agus leis an gCiste Comhtháthaithe ar dhúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil. Cé nach bhfuil aon ionstraimí cur chun feidhme díreacha i gceist sa Chlár Oibre féin, iarrtar an ghné chríochach a chomhtháthú i ngach beartas rialtais, d'fhonn an Eoraip a dhéanamh níos cothroime agus níos glaise.

2.1.1. Níor leor riamh na hacmhainní a leithdháil an tAontas le haghaidh an chomhtháthaithe chun cur i gcoinne treochtaí i dtreo lárú an mhargaidh aonair. Mar sin féin, bhí ról ríthábhachtach ag an gClár Oibre Críochach (an oiread agus gur measadh mar thosaíocht é) agus ag an gCiste Comhtháthaithe maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil atá le sárú na réigiúin éagsúla.

2.1.2. Faoi Chlár Oibre Críochach 2030, neartaítear uirlisí chun ionchais leordhóthanacha forbartha agus chomhtháthaithe a áirithiú i réigiúin uile an Aontais agus do na daoine atá ina gcónaí ann (Eoraip níos cothroime). D'fhonn an comhshaol a chosaint agus cabhrú le forbairt na gcríoch uile, cuirtear próisis agus straitéisí chun feidhme trí phróisis atá comhsheasmhach le tosaíochtaí na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus an gheilleagair chiorclaigh (Eoraip níos glaise).

2.2. Tá rialachas Chlár Oibre Críochach 2030 bunaithe ar chomhar il-leibhéil idir institiúidí Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Ar roinnt de na gnéithe tábhachtacha tá comhordú beartas críochach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit; rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach; agus sásraí faireacháin agus measúnaithe chun trédhearcacht agus feabhsuithe leanúnacha a ráthú.

2.2.1. Seoladh seacht ngníomhaíocht phíolótacha in 2021 chun gníomhaithe tábhachtacha a spreagadh le beart a dhéanamh, rud a léiríonn mar is féidir cuspóirí an Chláir Oibre a chur chun cinn go sonrach ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Is éard is aidhm do na gníomhaíochtaí sin, arna maoiniú trí chistí náisiúnta de chuid na mBallstát lena mbaineann, tástáil a dhéanamh ar bhealaí nuálacha áitbhunaithe atá curtha in oiriúint do na sainiúlachtaí áitiúla.

([4]) https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/brochure/territorial_agenda_2030_summary_en.pdf.

2.3. Bíodh is go bhfuil ról ríthábhachtach ag an tsochaí shibhialta i gcur chun feidhme Chlár Oibre Críochach 2030, is beag an meas air. Is léir sin go háirithe toisc a dheacra atá sé comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha a thabhairt isteach go gníomhach sa phróiseas, go háirithe iad siúd a labhraíonn ar son na ngrúpaí is leochailí. Tá sé thar a bheith tábhachtach cur le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta le go bhféadfar rialachas cuimsitheach a áirithiú, sin agus riachtanais na ngníomhaithe éagsúla réigiúnacha a chur san áireamh agus feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil i gcríocha éagsúla na hEorpa.

2.4. Cabhraíonn an Clár Oibre leis an ngné chríochach a neartú sna beartais uile, ar gach leibhéal rialtais, maidir leis na tosaíochtaí seo a leanas:

— an comhtháthú críochach: cothromaíocht agus forbairt inbhuanaithe chríocha éagsúla an Aontais a chur chun cinn trí na héagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha eatarthu a laghdú;

— an chomhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil: ról gníomhach ar gach leibhéal cinnteoireachta a thabhairt do na gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha, an t-idirphlé agus an comhar a chothú idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha éagsúla agus rialachas rannpháirteach agus cuimsitheach a chur chun cinn;

— forbairt agus iomaíochas eacnamaíoch: tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch, an nuálaíocht agus iomaíochas réigiúin agus chríocha na hEorpa, agus an fhiontraíocht, an fhostaíocht, an digiteáil agus an rochtain ar bhonneagar a chur chun cinn;

— inbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta: inbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta chríocha na hEorpa a áirithiú, an t-aistriú go geilleagar ciorclach ísealcharbóin, cosaint an chomhshaoil agus acmhainní nádúrtha a chur chun cinn, sin agus an chómhaireachtáil shítheach idir ghníomhaíochtaí an duine agus an comhshaol.

2.5. Is uirlis úsáideach é an Clár Oibre chun cabhrú le críocha na hEorpa aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nach féidir le críoch amháin a shárú aisti féin trí leas a bhaint as na gnáthionstraimí atá ar fáil, sin mar gheall ar a chasta agus a thábhachtaí atá siad, mar atá:

— an comhtháthú críochach: a áirithiú go mbeidh na deiseanna céanna ag réigiúin uile an Aontais a fhad a bhaineann sé leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta;

— an fhorbairt inbhuanaithe: forbairt inbhuanaithe ina gcuimsítear riachtanais an chomhshaoil, agus lena n-áirithítear caomhnú acmhainní nádúrtha, a chur chun cinn gcritéar inbhuanaitheachta i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;

— an fás eacnamaíoch: an fás eacnamaíoch agus an nuálaíocht a chothú i réigiúin uile na hEorpa le go gcruthófar poist agus le go n-áiritheofar an rathúnas eacnamaíoch;

— rialachas críochach: feabhas a chur ar an gcóras rialachais ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus ról i gceapadh na mbeartas críochach a thabhairt do na gníomhaithe uile lena mbaineann;

— comhordú na mbeartas: comhleanúnachas agus comhordú breise idir na beartais Eorpacha agus na beartais náisiúnta a chur chun cinn lena áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtach as na hacmhainní agus na deiseanna críochacha;

— an cuimsiú sóisialta: a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine, gan beann ar an gcríoch ina bhfuil cónaí orthu, ar na deiseanna céanna rannpháirtíochta eacnamaíche, sóisialta agus polaitiúla.

2.6. Tá an nasc idir an Clár Oibre, Cairt Leipzig agus an Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach (féach an tuairm *Athbhreithniú ar Chlár Oibre Críochach an Aontais, ar Chairt Leipzig agus ar an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach* ([5])) soiléir a fhad a bhaineann sé leis na cuspóirí coiteanna, na treoirphrionsabail agus na cuir chuige straitéiseacha atá luaite iontu. Cé go bhfuil comhthéacsanna éagsúla fócais agus forbartha ag na doiciméid sin, tá forluí eatarthu agus comhlánaíonn siad a chéile maidir le forbairt chríochach agus uirbeach atá inbhuanaithe agus comhtháite a chur chun cinn ar fud an Aontais.

2.6.1. Maidir leis an nasc leis an gClár Oibre, ba cheart béim a leagan ar na tosaíochtaí a sainaithníodh i gComhaontú Liúibleána agus sa chlár oibre ilbhliantúil (2022-2026) a bhí ag gabháil leis an gcomhaontú sin, mar atá, rialáil níos fearr, cistiú níos fearr agus eolas níos fearr (is iad sin trí cholún an Chomhaontaithe ar cheart, de réir an Dearbhaithe Pholaitiúil, iad a chomhordú i gcomhar le cláir Eorpacha agus idirnáisiúnta eile i réimse na forbartha uirbí inbhuanaithe).

([5]) Féach tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Athbhreithniú ar Chlár Oibre Críochach an Aontais, ar Chairt Leipzig agus ar an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach, (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 429, 11.12.2020, lch. 145).

2.7. Tá an Clár Oibre idirnasctha go dlúth le straitéisí agus beartais éagsúla de chuid an Aontais. Is léir go bhfuil na naisc sin ann nuair a fheictear na cuspóirí coiteanna, an chaoi a gcomhlánaíonn na gníomhaíochtaí a chéile agus na sineirgí a fheictear sa mhaoiniú.

2.7.1. **Beartas comhtháthaithe** ([6]) – tá an Clár Oibre dírithe ar na héagothromaíochtaí idir na críocha a laghdú agus an fhorbairt chothrom a chur chun cinn, cuspóirí atá lárnach freisin i mbeartas comhtháthaithe an Aontais. Tacaíonn Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), le tionscadail ina léirítear tosaíochtaí an Chláir Oibre, e.g. an inbhuanaitheacht comhshaoil agus an cuimsiú sóisialta.

2.7.2. **An Comhaontú Glas don Eoraip** – cabhraíonn an Clár Oibre le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, sin le rá le straitéis an Aontais le bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach ar domhan faoi 2050. Tá na tionscnaimh chríochacha a chuirtear chun cinn leis an gClár Oibre, amhail an fhorbairt uirbeach inbhuanaithe agus bainistiú comhtháite acmhainní nádúrtha, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais.

2.7.3. **An Comhbheartas Talmhaíochta** ([7]) – cuirtear forbairt chríochach chothrom chun cinn sa Chlár Oibre, lena n-áirítear na ceantair uirbeacha agus na ceantair thuaithe araon, rud lena n-áirithítear an comhtháthú críochach.

2.7.4. **An Straitéis Bhithéagsúlachta go dtí 2030** ([8]) – cabhraíonn an Clár Oibre le cosaint na bithéagsúlachta trí chleachtais inbhuanaithe úsáide talún a chur chun cinn agus trí ghnáthóga nádúrtha a chaomhnú, i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030.

2.7.5. **Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach** ([9]) – tacaíonn an Clár Oibre leis an aistriú go geilleagar ciorclach, rud trína gcuirtear bainistiú inbhuanaithe acmhainní agus an athchúrsáil chun cinn, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach.

2.7.6. **An Straitéis Eorpach Dhigiteach** ([10]) – leis an gClár Oibre, spreagtar an cuimsiú digiteach agus an nuálaíocht theicneolaíoch sna críocha éagsúla, agus tugtar tacaíocht do chuspóirí na Straitéise Eorpaí Digití chun an nascacht agus an litearthacht dhigiteach a fheabhsú.

2.8. I gcomhthéacs an Bheartais Comhtháthaithe agus na n-ionstraimí cur chun feidhme don tréimhse 2021-2027, leagtar béim ar an nasc díreach idir an Clár Oibre agus cuspóir beartais 5 'Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh' ([11]). Agus an méid sin á chur san áireamh, leagtar béim ar an ról straitéiseach atá ag na huirlisí clársceidealaithe chomhtháite (an infheistíocht chríochach chomhtháite) ([12]) agus an fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail ([13]) agus ag cláir an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) ([14]) i gcur chun feidhme an Chláir Oibre.

2.8.1. Is in 2014 den chéad uair a tugadh isteach an infheistíocht chríochach chomhtháite agus an fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, bunaithe ar an taithí a fuarthas ó LEADER. Neartaíodh na hionstraimí sin sa tréimhse 2021-2027 agus cuireadh béim ar a thábhachtaí atá straitéisí críochacha comhtháite don chomhtháthú. Is éard is aidhm do na hionstraimí sin cur chuige ón mbun aníos a chur chun cinn maidir leis an bhforbairt chríochach, cur chuige ina bhfuil páirt ag na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, an t-idirphlé a éascú idir na geallsealbhóirí éagsúla agus cur leis an gcomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, chomh maith leis an gcomhar idir na leibhéil éagsúla rialtais.

2.8.2. Ar an ábhar gur creat straitéiseach é an Clár Oibre atá dírithe ar an bhforbairt chríochach chothrom inbhuanaithe a chur chun cinn san Eoraip, tá tábhacht thar na bearta le cláir Interreg chun tacaíocht a chur ar fáil dó. Féachtar le comhfhorbairt limistéar teorann a spreagadh (an ghné thrasteorann), tacaíocht a thabhairt do chomhtháthú gréasán iompair, cosaint an chomhshaoil agus bainistiú acmhainní nádúrtha ar bhonn níos ginearálta (an ghné thrasnáisiúnta) a áirithiú, faisnéis a mhalartú agus saineolais a chothú ar mhaithe le forbairt chríochach níos aonchineálaí (an ghné idir-réigiúnach).

([6]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.
([7]) https://www.consilium.europa.eu/ga/policies/cap-introduction/.
([8]) COM(2020) 380 final.
([9]) COM(2020) 98 final.
([10]) COM(2020) 67 final.
([11]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.
([12]) InfoRegio – Infheistíocht chríochach chomhtháite (europa.eu).
([13]) https://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/guidelines/2014/guidance-on-community-led-local-development-in-european-structural-and-investment-funds.
([14]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 94.

2.9. Ó tharla nach bhfuil buiséid faoi leith ag an gClár Oibre, tá ionstraimí airgeadais éagsúla ar fáil ag na Ballstáit agus ag na réigiúin a chabhraíonn leo é a chur chun feidhme. Is féidir na hionstraimí sin a aicmiú in dhá phríomhchatagóir: cláir a bhainistítear go hindíreach agus cláir a bhainistítear go díreach. Tacaíonn na cláir sin le cur chun feidhme ghnéithe críochacha an Chláir Oibre maidir leis na cuspóirí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach. Tá easpa acmhainneachta ann maidir le próisis a chur chun feidhme chun leas a bhaint as cláir atá bunaithe ar an gcomhlántacht agus ar an sineirge.

2.9.1. Maidir leis na cláir a bhainistítear go hindíreach agus atá fós i bhfeidhm sa tréimhse 2021-2027, dírítear aird ar na hionstraimí seo a leanas:

— Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) ([15]);

— Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+) ([16]);

— An Ciste Comhtháthaithe ([17]);

— An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ([18]);

— An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh ([19]).

2.9.2. Maidir leis na cláir a bhainistítear go díreach agus atá fós i bhfeidhm sa tréimhse 2021-2027, dírítear aird ar na cláir seo a leanas:

— Fís Eorpach ([20]);

— LIFE ([21]);

— Erasmus+ ([22]);

— An Clár InvestEU ([23]).

3. **Torthaí a bhí ar Chlár Oibre Críochach 2030**

3.1. De thoradh chur chun feidhme an Chláir Oibre bhí torthaí le tabhairt faoi deara ar an leibhéal críochach sna treoirthionscadail a cuireadh i gcrích chun indéantacht na ngníomhaíochtaí a thástáil agus a n-éifeachtacht a thomhas, agus i ndáil leis na próisis a chuir eintitis phoiblí agus phríobháideacha chun feidhme i réigiúin NUTS 2 ([24]) agus NUTS 3 ([25]).

3.2. Maidir leis na treoirthionscadail ([26]), léiríonn na torthaí a thábhachtaí atá an comhar il-leibhéil agus an cur chuige áitbhunaithe chun cuspóirí an Chláir Oibre a bhaint amach. Tá sé léirithe ag an meascán den nuálaíocht, den rannpháirtíocht agus den oiriúnú do shainiúlachtaí áitiúla gur straitéis an-mhaith atá inti chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na forbartha inbhuanaithe:

3.2.1. **Neartú an chomhair il-leibhéil**: cuireadh an dlúthchomhar idir na rialtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun cinn sna gníomhaíochtaí píolótacha. Mar thoradh air sin, tá beartais agus straitéisí na forbartha críochaí comhtháite níos fearr.

([15]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 60.
([16]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 21.
([17]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 60.
([18]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.
([19]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 1.
([20]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.
([21]) IO L 172, 17.5.2021, lch. 53.
([22]) IO L 189, 28.5.2021, lch. 1.
([23]) IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.
([24]) NUTS 2: réigiúin bhunúsacha le haghaidh chur i bhfeidhm na mbeartas réigiúnach.
([25]) NUTS 3: réigiúin bheaga le haghaidh cúiseanna sonracha.
([26]) Clár Oibre Críochach 2030 | *A future for all places*.

3.2.2. **Réitigh nuálacha agus oiriúnaithe**: forbraíodh agus cuireadh chun feidhme réitigh nuálacha a bhí curtha in oiriúint do na sainiúlachtaí áitiúla. Leis na réitigh sin, tugadh aghaidh ar fhadhbanna sonracha i réigiúin éagsúla, rud a chuir feabhas ar éifeachtacht na mbeart.

3.2.3. **Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí**: trí idirphlé a bhí dírithe ar chomhdhearcadh a aimsiú, bhíothas in ann raon leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear saoránaigh, gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus forais acadúla a chur san áireamh. Chinntigh sé sin go ndearnadh scaipeadh forleathan ar na réitigh a glacadh agus go raibh tacaíocht an phobail ag na réitigh sin.

3.2.4. **Feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil**: d'fhág na gníomhaíochtaí píolótacha go raibh feabhas le brath ar an gcáilíocht saoil sna pobail lena mbaineann. Mar shampla, rinneadh dul chun cinn maidir leis an inbhuanaitheacht comhshaoil, an bonneagar, seirbhísí poiblí agus an fhorbairt eacnamaíoch áitiúil.

3.2.5. **Samhlacha eiseamláireacha**: cuireadh samhlacha rathúla ar fáil sna treoirthionscadail ar samhlacha iad is féidir a leanúint i réigiúin eile. Leis na samhlacha sin, cuirtear treoirlínte praiticiúla ar fáil chun straitéisí forbartha críochaí a chur chun feidhme i gcomhthéacsanna éagsúla.

3.2.6. **Rathúnas eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht**: leis na tionscnaimh, rinneadh an fás eacnamaíoch áitiúil a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe, rud a laghdaigh an tionchar ar an gcomhshaol agus a bhain an leas is fearr is féidir as na hacmhainní áitiúla. Chabhraigh sin le geilleagair níos athléimní agus níos inbhuanaithe a chruthú.

3.2.7. **Acmhainneacht bhreise institiúideach**: tríd an gcomhar agus an malartú eolais, d'éirigh leis na hinstitiúidí áitiúla agus réigiúnacha cur lena n-acmhainneachtaí maidir le beartais éifeachtacha a phleanáil agus a chur chun feidhme.

3.2.8. I gcéim cur chun feidhme an Chláir Oibre, sainaithníodh 52 shampla spreagúla (tionscadail, tionscnaimh agus uirlisí) maidir le cur chuige críochach a úsáid i bpleanáil agus i gcur chun feidhme na mbeartas comhtháthaithe. Mar sin féin, feictear go bhfuil an-éagothromaíocht i gceist ó Bhallstát go chéile maidir le líon na gníomhaíochtaí píolótacha ar a gcríoch.

3.2.8.1. Cúig ghníomhaíocht atá i gceist i gcás na Gearmáine, trí ghníomhaíocht atá i gceist i gcás na Polainne agus dhá ghníomhaíocht i gcás na hOstaire, na hEilvéise, na Fraince, Lucsamburg, na Portaingéile, na Slóivéine agus na hIorua. Níl baint ag údaráis na Beilge, na Seice, na Spáinne, na Cróite, na hÉireann, na hÍsiltíre, na Rómáine agus na Sualainne ach le gníomhaíocht phíolótach amháin. Tá Ballstáit eile ann nach bhfuil baint acu le gníomhaíocht phíolótach ar bith faoi chuimsiú an Chláir Oibre. Is aisteach an rud é i gcás roinnt de Bhallstáit na Meánmhara nach bhfuil siad páirteach i ngníomhaíochtaí píolótacha an Chláir Oibre (an Iodáil agus an Ghréig, mar shampla), sin nó gur ar bhonn an-teoranta atáthar páirteach iontu (an Spáinn), agus go bhfuil an rud céanna i gceist i gcás Bhallstáit oirthear na hEorpa.

3.3. Agus na heintitis phoiblí agus/nó phríobháideacha ag cur na mbeart chun feidhme maidir le réigiúin NUTS 2 agus NUTS 3, is léir go raibh torthaí ar na bearta sin i ndáil leis na gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta, go háirithe trí thionscnaimh a chur chun feidhme a fhaigheann tacaíocht ó na cláir Eorpacha a bhainistítear go hindíreach:

3.3.1. **Feabhas ar an gcomhtháthú críochach**: laghdaíodh na héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta d'fhonn comhtháthú críochach níos fearr a bhaint amach. Rinneadh sin trí na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta a leithdháileadh ar bhealach spriocdhírithe, agus tugadh maoiniú do thionscadail a bhaineann leis an mbonneagar, leis an bhforbairt uirbeach agus tuaithe, agus le tionscnaimh shóisialta agus eacnamaíocha.

3.3.2. **Comhtháthú na mbeartas críochach**: cuireadh cur chuige comhtháite maidir leis an bpleanáil spásúlachta chun cinn, rud a spreag an comhar idir beartais éagsúla an Aontais, mar shampla an beartas comhtháthaithe, an comhbheartas talmhaíochta (CBT) agus an Comhaontú Glas don Eoraip. Mar thoradh ar an méid sin, tá sineirge bhreise ann idir cuspóirí na forbartha críochaí agus beartais eile de chuid an Aontais.

3.3.3. **Forbairt na hacmhainneachta áitiúla agus réigiúnaí**: cuireadh feabhas ar acmhainneacht theicniúil agus riaracháin na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, rud a chabhraigh le tionscadail chasta agus inbhuanaithe a phleanáil agus a chur chun feidhme.

3.3.4. **Cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe**: rinneadh an inbhuanaitheacht comhshaoil a neartú, e.g. athbheochan limistéar uirbeach a bhí in ísle brí, an éifeachtúlacht fuinnimh, an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus bainistiú comhtháite na n-acmhainní nádúrtha.

3.3.5. **Neartú an chomhair chríochaigh**: cuireadh feabhas ar an gcomhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach trí chláir amhail Interreg, lenar éascaíodh an malartú dea-chleachtas agus cur chun feidhme comhthionscadal idir réigiúin éagsúla san Eoraip.

3.3.6. **Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí**: neartaíodh an ról atá ag na comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, lena n-áirítear saoránaigh, gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus forais acadúla, sa phróiseas cinnteoireachta agus sa phleanáil spásúlachta. Chuir sé sin leis an trédhearcacht agus leis an nglacadh atá leis na beartais chríochacha.

4. An dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis ó Chlár Oibre Críochach 2030 sna blianta amach romhainn

4.1. Tá dlúthbhaint ag dul chun cinn an Chláir Oibre leis na haistrithe éagsúla atá ina saintréithe de phróisis forbartha agus comhtháthaithe chríocha na hEorpa. Sna próisis sin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar an athrú déimeagrafach.

4.1.1. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh agus gníomhaíochtaí beartais a chabhróidh le réigiúin uile na hEorpa iad féin a chur in oiriúint ar bhealach inbhuanaithe agus cuimsitheach do na héifeachtaí a bheidh ag an athrú déimeagrafach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Is éard atá i gceist leis sin go sonrach:

— an bonneagar sóisialta a neartú: an rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú, go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta;

— an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn: tionscnaimh chun na himircigh a lánpháirtiú níos fearr sa tsochaí agus tacú leis na pobail ina bhfuil an daonra ag meath;

— geilleagar na ndaoine scothaosta a chur san áireamh i bhforbairt an gheilleagair áitiúil: deiseanna fostaíochta agus oiliúna a chruthú do dhaoine óga agus do mhná, tríd an digiteáil agus an nuálaíocht a chur chun cinn.

4.2. Is gá cur chuige comhtháite an Chláir Oibre a neartú chun an fhorbairt chríochach chothrom inbhuanaithe a chur chun cinn laistigh den Aontas, trí fhís iomlánaíoch a chur chun cinn maidir leis an gcaidreamh idir beartais éagsúla earnálacha agus na leibhéil éagsúla rialachais:

4.2.1. **An comhtháthú críochach**: dáileadh cothrom na n-acmhainní agus na ndeiseanna a chur chun cinn i réigiúin éagsúla na hEorpa, agus na héagothromaíochtaí idir na críocha a laghdú. Cur leis na gníomhaíochtaí atá dírithe ar rochtain a thabhairt do gach réigiún, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha, ar na deiseanna forbartha eacnamaíche agus sóisialta.

4.2.2. **Rialachas il-leibhéil:** dlúthchomhar a chur chun cinn idir leibhéal an rialtais áitiúil, leibhéal an rialtais réigiúnaigh, leibhéal an rialtais náisiúnta agus leibhéal an rialtais Eorpaigh chun an comhleanúnachas a áirithiú sna beartais agus sna bearta.

4.2.3. **Comhtháthú na mbeartas earnálach**: a áirithiú go ndéanfar na beartais maidir leis an bhforbairt réigiúnach, an t-iompar, an comhshaol, an fuinneamh, an talmhaíocht agus beartais nach iad a chomhordú agus go gcomhlánóidh siad a chéile, trí úsáid uirlisí na forbartha críochaí comhtháite, e.g. an infheistíocht chríochach chomhtháite agus an fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, a chur chun cinn, ar uirlisí iad lenar féidir na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a fheabhsú le chéile agus na gnéithe críochacha éagsúla á gcur san áireamh.

4.2.4. **Inbhuanaitheacht agus athléimneacht**: cleachtais a chur chun cinn lena laghdaítear an tionchar ar an gcomhshaol agus lena gcothaítear an inbhuanaitheacht fhadtéarmach, sin agus tacú le bearta chun cur le hathléimneacht na réigiún agus na gcríoch in aghaidh an athraithe aeráide agus feabhas a chur ar an acmhainn atá sna pobail agus sa bhonneagar oiriúnú don athrú.

4.2.5. **Iomaíochas na réigiún**: an nuálaíocht, an taighde agus an fhorbairt a chur chun cinn ar mhaithe le hiomaíochas réigiúin na hEorpa a fheabhsú, trí thacú le forbairt na ngeilleagar áitiúil trí bhíthin beartais lena gcuirtear an fhiontraíocht, an digiteáil, an rochtain ar na margaí domhanda agus oiriúnú scileanna na n-oibrithe chun cinn.

4.2.6. **Inrochtaineacht agus nascacht**: feabhas a chur ar an mbonneagar iompair chun nasc níos fearr a chinntiú idir na réigiúin agus idir iad agus an chuid eile den domhan, agus an bhearna dhigiteach a laghdú chun go mbeidh níos mó de na deiseanna a thugann an geilleagar digiteach ar fáil ag na réigiúin agus na pobail áitiúla uile, agus béim ar leith ar na limistéir atá faoi mhíbhuntáiste geografach.

4.2.7. **An cháilíocht saoil agus an dea-bhail**: a áirithiú go mbeidh seirbhísí poiblí bunriachtanacha ar ardchaighdeán, e.g. seirbhísí sláinte, oideachais agus sóisialta, ag gach réigiún agus go gcuirfear timpeallacht mhaireachtála shábháilte shláintiúil chun cinn, agus béim á leagan ar cháilíocht an aeir, an uisce, na hithreach agus na spásanna glasa.

4.2.8. **Faireachán agus measúnú**: táscairí sonracha a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbeartas críochach agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart éagsúil, ní hamháin trí anailís chainníochtúil a dhéanamh ach trí tháscairí a shainiú lena bhféadfar cáilíocht na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh a thomhas.

4.3. Is den tábhacht Clár Oibre Críochach 2030 a ionchorprú sa Seimeastar Eorpach más uainn forbairt chothrom a áirithiú i réigiúin an Aontais. Leis an gcur chuige sin, déantar beartais chríochacha agus straitéisí eacnamaíocha a chur ag luí le chéile, rud a áirithíonn go dtabharfar freagairt chomhordaithe ar dhúshláin áitiúla agus go méadófar infheictheacht na saincheisteanna comhtháthaithe. Cuidíonn sé freisin le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, fás cuimsitheach a chur chun cinn agus cur le tionchar na mbeartas poiblí.

4.3.1. Comhordú straitéiseach: creideann CESE nach féidir leas a bhaint as gnáthionstraimí, ina bhfuil cur chuige ar leithligh maidir le gach ábhar, chun aghaidh a thabhairt ar chomhtháthú, inbhuanaitheacht agus athléimneacht ghnéithe críochacha an Aontais. Dá bhrí sin, molann CESE an Clár Oibre Críochach a thabhairt faoi phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh, de réir threoirlínte ESPON.

4.4. Tá sé ríthábhachtach an cur chuige sibhialta a neartú, agus cur le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa Chlár Oibre, chun forbairt chríochach níos cuimsithí, níos daonlathaí agus níos inbhuanaithe a áirithiú. Is gá na sásraí rannpháirtíochta a neartú nuair is sásraí iad a éascaíonn d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do na saoránaigh ról gníomhach a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta, idir phleanáil, chur chun feidhme agus mheasúnú na mbeartas críochach.

4.4.1. **Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha**: úsáid bhreise uirlisí an chomhairliúcháin phoiblí agus na bpróiseas rannpháirtíochta a chur chun cinn d'fhonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta, fondúireachtaí agus eagraíochtaí daonchairdis eile agus na saoránaigh a chuimsiú sa phróiseas cinnteoireachta.

4.4.2. **Cumhachtú an phobail áitiúil**: tá sé thar a bheith tábhachtach na huirlisí agus na scileanna a thabhairt do na pobail áitiúla le go bhféadfaidh siad páirt ghníomhach a ghlacadh sna cinntí a bhaineann lena gceantar áitiúil agus tionchar a imirt ar na cinntí sin. Is gá tús áite a thabhairt d'fheabhas a chur ar eolas agus scileanna na riarthóirí agus na státseirbhíseach atá ag obair in údaráis áitiúla maidir leis na hionstraimí agus na modheolaíochtaí a chuirtear ar fáil le Clár Oibre Críochach 2030. Is é an aidhm atá ann go mbeidh siad in ann na deiseanna a chuirtear ar fáil le Clár Oibre Críochach 2030 a thapú, sin agus go gcuirfear chun cinn an chomhlántacht idir cistí poiblí uile an Aontais lena dtacaítear le próisis cur chun feidhme.

4.4.3. **Trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis**: an rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis ábhartha maidir leis an bhforbairt chríochach agus leis na beartais phoiblí a áirithiú, sin agus go mbeidh na próisis chinnteoireachta trédhearcach agus go gcuirfear na cúiseanna atá leis na cinntí in iúl go soiléir do na saoránaigh.

4.4.4. **Comhtháthú sóisialta agus cuimsiú**: a áirithiú go mbeidh ionadaíocht ag na grúpaí sóisialta uile, mionlaigh agus grúpaí leochaileacha san áireamh, agus go mbeidh ionchur acu sna cinntí áitiúla agus réigiúnacha a dhéanfar. Thairis sin, is den ríthábhacht é go gcuirfear chun cinn i mbeartais an lánpháirtiú agus an comhtháthú sóisialta trí dhul i ngleic le neamhionannais agus leis an idirdhealú. Ar an gcaoi sin, féadfar cur chuige cothrománach na dlúthpháirtíochta agus na cothroime idirghlúine a chur chun cinn agus a chur chun feidhme ([27]).

4.4.5. **Comhar idir earnálacha**: an comhar idir na húdaráis phoiblí, gnólachtaí príobháideacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn chun tionscadail réigiúnacha agus áitiúla a chur chun feidhme. Tá na húdaráis áitiúla thar a bheith tábhachtach maidir le gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh de chuspóirí an Chláir Oibre, trí leas a bhaint as an bpleanáil straitéiseach, bainistiú acmhainní, an comhar idir-réigiúnach agus rannpháirtíocht na bpobal.

4.4.6. **Faireachán agus measúnú rannpháirteach**: a áirithiú go mbeidh ionadaithe na sochaí sibhialta rannpháirteach i bpróisis faireacháin agus measúnaithe na dtionscadal agus na mbeartas críochach.

([27]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Eoraip (IO C, C/2024/6869, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6869/oj).

4.4.7. **Rialachas daonlathach**: rialachas níos daonlathaí, níos cuimsithí agus níos cuntasaí a chur chun cinn, le go mbeidh ionadaithe na sochaí sibhialta agus na saoránaigh gníomhach i múnlú thodhchaí a limistéir áitiúil seachas díreach glacadh leis na beartais.

An Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE